Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14764/24**

**ECOFIN 1181**
**STATIS 111**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe a mhéid a bhaineann le haicmiú tomhaltais agus cluichí áidh a áireamh<br>– Rún gan agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 2 Meán Fómhair 2024, thug an Coimisiún fógra don Chomhairle faoi Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe a mhéid a bhaineann le haicmiú tomhaltais agus cluichí áidh a áireamh (13034/24 + ADD 1), i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus le hAirteagail 4(3) agus 5(8) de Rialachán (AE) 2016/792 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle.

2. Tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt faoin ngníomh tarmligthe thuasluaite agus faoin Iarscríbhinn a ghabhann leis an 2 Meán Fómhair 2024, féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 2 Nollaig 2024, i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Rialachán (AE) 2016/792 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle.

3. Le linn nós imeachta an tosta laistigh den Mheitheal um Staidreamh, a chuaigh in éag an 30 Meán Fómhair 2024, níor chuir aon toscaireacht in iúl go raibh rún aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

4. Moltar, dá bhrí sin, go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle a dhearbhú nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go gcuirfear an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin méid sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 10(6) de Rialachán (AE) 2016/792 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus maidir leis an innéacs praghsanna tithe, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle.